www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Uimhir Iarrthóra | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2016–2017

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Bitheolaíocht

## Aonad B1
## Bonnsraith

## [GSD11]

## DÉ CÉADAOIN 22 FEABHRA 2017, MAIDIN

GSD11

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10(a)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Taispeánann an léaráid bia-eangach do choillearnach.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Ainmnigh an fhoinse fuinnimh don bhia-eangach seo.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh **aon** tomhaltóir tosaigh **amháin** sa bhia-eangach.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cuir síos ar, agus mínigh, cad é a tharlódh do phobal na meantán gorm dá bhfágfadh na spideoga an choillearnach.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Anseo thíos taispeántar biashlabhra ón bhia-eangach thall.

crainn darach → aifidí → meantáin ghorma → ulchabháin

**(i)** Cad é dó a seasann na saigheada sa bhiashlabhra?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Tarraing pirimid **bhithmhaise** don bhiashlabhra seo sa spás thíos.

**Lipéadaigh** na horgánaigh.

[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

2 Tá mianraí ón ithir de dhíth ar phlandaí le fás go folláin.

An léaráid thíos, luann sí trí mhianra agus na feidhmeanna atá leo.

**(a)** Tarraing líne le gach mianra a nascadh lena fheidhm.

| **Mianra** | **Feidhm** |
|---|---|
| cailciam | le próitéin a dhéanamh |
| maignéisiam | le cillbhallaí láidre a dhéanamh |
| nítrigin | le clóraifill a dhéanamh |


[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Úsáideann plandaí fréamhchealla ribeacha le mianraí a iontógáil ón ithir.

Taispeánann an líníocht fréamhchill ribeach.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Cuir síos ar an dóigh a bhfuil an chill seo oiriúnaithe le hiontógáil mianraí ón ithir a mhéadú.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh an dóigh a méadaíonn an t-oiriúnú seo iontógáil mianraí ón ithir.

______________________________________________ [1]

**(c)** Déanann plandaí nítrigin a iontógáil ón ithir i bhfoirm níotráite.

Baineann feirmeoirí úsáid as leasacháin nádúrtha nó leasacháin shaorga leis na níotráití a chur ar ais san ithir.

**(i)** Luaigh sampla **amháin** de leasachán nádúrtha.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **leasachán saorga** a úsáid i gcomparáid le leasachán nádúrtha.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 Taispeánann an grianghraf lon dubh.



© Duncan Shaw / Science Photo Library

Léigh an sliocht faoi lonta dubha agus freagair na ceisteanna a leanann.

Bíonn lonta dubha ina gcónaí i bhfálta sceach.
Táirgtear caora ar na fálta sceach san fhómhar agus cuireann sin bia ar fáil do na lonta dubha.
Tá na caora thar a bheith tábhachtach do lonta dubha le linn an gheimhridh.

**(a)** Ainmnigh gnáthóg na lonta dubha.

_______________________________________________ [1]

Gearrann feirmeoirí na fálta sceach lena bhfás a rialú.

**(b)** Mínigh cad chuige a bhfuil sé níos fearr do na lonta dubha má ghearrtar na fálta sceach go mall sa gheimhreadh in áit san fhómhar.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

In imscrúdú, taifeadadh mais na gcaor i bhfálta sceach a bhí gearrtha:

- uair amháin gach bliain
- uair amháin gach dhá bhliain
- uair amháin gach trí bliana.

Tá na torthaí á dtaispeáint ar an bharraghraf.




*© "Reprinted from Biological Conservation, Volume 145, Issue 1 by Staley et al. Long-term effects of hedgerow management policies on resource provision for wildlife, pages 24-29. Copyright 2012, with permission from Elsevier"*

**(c)** Luaigh an mhinicíocht de ghearradh fálta sceach is fearr do lonta dubha. Luaigh sonraí ón ghraf le tacú le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(d)** Chomh maith le bia a chur ar fáil, luaigh tairbhe **amháin** eile a bhaineann lonta dubha as na fálta sceach.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

4 Tá einsímí thar a bheith tábhachtach sa chóras díleá.

**(a)** Cad é feidhm na n-einsímí sa chóras díleá?


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

Is einsím í amaláis a fhaightear sa chóras díleá.

**(b)** Taispeánann an léaráid turgnamh a chuir Emily i dtreoir le staidéar a dhéanamh ar ghníomhaíocht amaláise i gcóras díleá mionsamhlach.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Tá piocháin (poill) bhídeacha san fheadánra Visking.

Is féidir le móilíní beaga dul trí na piocháin bhídeacha ach ní féidir le móilíní móra dul tríothu.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

Rinne Emily tuar go mbeadh **glúcós** i láthair san uisce i ndiaidh 30 nóiméad ach nach mbeadh stáirse i láthair.

Bhain sí úsáid as imoibrí Benedict le tástáil a dhéanamh ar shampla uisce ón fheadán fiuchta i ndiaidh 30 nóiméad.

**(i)** Cuir síos ar an athrú datha ar imoibrí Benedict má bhí tuar Emily ceart.

______________________ go ______________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad chuige a mbeadh glúcós i láthair san uisce ach nach mbeadh stáirse i láthair.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

D'úsáid Emily amaláis a bhí **fiuchta** leis an turgnamh a dhéanamh arís.

**(c)** Cuir síos ar, agus mínigh, an dóigh a rachadh fiuchadh i bhfeidhm ar ghníomhaíocht na hamaláise.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Is hormón í inslin a rialaíonn leibhéil ghlúcós fola.

**(a)** Cad é is hormón ann?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Comhlánaigh an tsreabhchairt lena thaispeáint an dóigh a rialaíonn inslin leibhéil ghlúcós fola.

Ardaíonn leibhéal glúcós fola

↓

Táirgeann an ______________________ inslin

↓

Taistealaíonn inslin chuig an ae

↓

Íslíonn inslin leibhéil ghlúcós fola trí:

1. ______________________________________

______________________________________

2. ______________________________________

______________________________________

[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Is riocht é diaibéiteas ina dteipeann ar an mheicníocht a rialaíonn an glúcós san fhuil.

Sa Ríocht Aontaithe (RA), tháinig méadú 60% ar líon na ndaoine le diaibéiteas idir 2005 agus 2015.

Sa bhliain 2005, ba é 2.1 milliún líon na ndaoine sa RA le diaibéiteas.

**(c)** Ríomh líon na ndaoine sa RA le diaibéiteas sa bhliain 2015.

Tabhairt do fhreagra go dtí aon ionad de dheachúlacha.

**Taispeáin do chuid oibre.**

_______________ milliún [3]

Is siomptóm amháin den diaibéiteas iad leibhéil arda ghlúcós fola.

**(d)** Luaigh siomptóm **amháin eile**.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Is féidir glúcós a dhéantar i bhfótaisintéis a thiontú ina stáirse i nduilleoga.

Tugtar na céimeanna A–E agus duilleog á tástáil le haghaidh stáirse.

Níl na céimeanna san ord cheart.

| | |
|---|---|
| A | Cuir an duilleog in uisce bogthe. |
| B | Cuir tuaslagán iaidín ar an duilleog. |
| C | Spréigh an duilleog amach ar thíl bhán. |
| D | Cuir an duilleog in uisce atá ar fiuchadh. |
| E | Cuir an duilleog in alcól atá ar fiuchadh. |

**(a)** Úsáid na litreacha leis na céimeanna a chur san ord cheart sna boscaí thíos.

Tá an chéad chéim tugtha.

D → ☐ → ☐ → ☐ → ☐


[2]

**(b)** Seachas bheith tiontaithe ina stáirse i nduilleoga, luaigh dóigh **amháin eile** a n-úsáidtear glúcós i bplandaí.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(c)** Taispeánann an graf éifeacht tiúchan dé-ocsaíd charbóin ar ráta na fótaisintéise i bplandaí trátaí a fásadh i dteach gloine.




**(i)** Cad é an toisc a chuireann teorainn le ráta na fótaisintéise idir **A** agus **B**?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh toisc **amháin** a d'fhéadfadh teorainn a chur le ráta na fótaisintéise idir **B** agus **C**.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Níl aon bhuntáiste ag baint le dé-ocsaíd charbóin bhreise a chur isteach sa teach gloine san oíche.

Mínigh cad chuige.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

Dóigh amháin le dé-ocsaíd charbóin bhreise a chur isteach i dteach gloine ná breosla ar nós gás nádúrtha a dhó ann.

**(e)** Luaigh cad chuige a bhfuil sé níos fearr roinnt dóirí beaga gáis a úsáid ag áiteanna difriúla sa teach gloine in áit dóire mór amháin suite ag foirceann amháin den teach gloine.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


7 Taispeánann an léaráid turgnamh ina soilsíonn solas ó threo amháin ar dhá shíológ planda, A agus B.

Déantar hormón san inn agus bogann sé síos an péacán.

**Síológ A**




**Síológ B**




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

www.xtrapapers.com

I ndiaidh trí lá, bhí síológ A i ndiaidh lúbadh i dtreo an tsolais.

**(a)** Ainmnigh an fhreagairt seo.

_______________________________________ [1]

**(b)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad chuige ar lúb síológ A i dtreo an tsolais.

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________ [2]


Baineadh inn an phéacáin ar shiúl i síológ B.

**(c)** Sa spás ar an léaráid **thall**, tarraing an chuma a bheadh ar shíológ B **i ndiaidh trí lá**. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**8** Taispeánann an léaráid abhainn a bhfuil truailliú níotráite ag dul isteach san uisce inti ag pointe A.





*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Táispeánann an tábla na leibhéil níotráite ag trí phointe A, B agus C san abhainn.

| **Pointe san abhainn** | **Leibhéal níotráite mg/lítear** |
|---|---|
| A | 30 |
| B | 15 |
| C | 0 |

www.xtrapapers.com

An tábla thíos, tugann sé faisnéis ar tháscspeiceas ar thruailliú uisce.

| Ainm táscspeicis | Grianghraf den táscspeiceas | Leibhéal truailliú uisce san áit a bhfaightear líon mór den táscspeiceas |
|---|---|---|
| Dreancaid uisce |  © Dr Keith Wheeler / Science Photo Library | Meánach go truailliú ar bith |
| Cuil chloch |  © troutnut / iStock / Thinkstock | Gan truailliú ar bith |
| Péisteog dhearg |  © Nigel Cattlin / Science Photo Library | Ard |

Úsáid an fhaisnéis atá tugtha leis an táscspeiceas a ainmniú agus lena mhíniú cad chuige:

- a bhfaighfí an líon **is mó** de ag pointe A.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

- a bhféadfaí líon **mór** de a fháil ag pointe C.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** **(a)** Taispeánann an léaráid an timthriall carbóin.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Ainmnigh próiseas **A**.

_______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh próiseas **B**.

_______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Is é is dífhoraoisiú ann ná líonta móra crann a ghearradh anuas le talamh a chur ar fáil faoi choinne úsáidí eile.

Taispeánann an grianghraf dífhoraoisiú.



© Marek Mnich / Hemera / Thinkstock

**(b)** Mínigh cad chuige a dtarlaíonn méadú ar leibhéil dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar mar gheall ar dhífhoraoisiú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**(c)** Is gás ceaptha teasa í dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$).

Taispeánann an léaráid cad é a tharlaíonn don teas ón Ghrian in aer neamhthruaillithe agus in aer truaillithe.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad é mar a bhí méadú ar théamh domhanda mar gheall ar aer truaillithe.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** éifeacht timpeallachta de théamh dhomhanda.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com



**(d)** Tugann an tábla faisnéis faoi astuithe dé-ocsaíd charbóin don tSín agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) sa bhliain 2013.

| Tír | Meánmhais dé-ocsaíd charbóin a táirgeadh **in aghaidh an duine**/tonnaí | Céatadán d'astuithe iomlána an domhain de dhé-ocsaíd charbóin |
|---|---|---|
| An tSín | 7.2 | 28 |
| SAM | 16.4 | 14 |

*© Global Carbon Budget 2014 by Global Carbon Project. Published 21 September 2014.*

**(i)** An mheánmhais de dhé-ocsaíd charbóin a tháirgtear in aghaidh an duine gach bliain i SAM, luaigh cad chuige ar mó í ná do dhuine sa tSín.

_______________________________________________

_____________________________________________ [1]

**(ii)** An céatadán d'astuithe iomlána an domhain de dhé-ocsaíd charbóin, luaigh cad chuige ar mó é don tSín ná do SAM.


_______________________________________________

_____________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**10** Rinne James turgnamh le comparáid a dhéanamh idir an cion vitimín C i sú líomóide agus i sú seadóige.

Taispeánann an léaráid an fearas agus na hábhair a d'úsáid James.



promhadáin | sú líomóide | sú seadóige | DCFIF (*DCPIP*) | sorcóir tomhais 5 cm³ | braonairí

Níl an fearas de réir scála

*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(a)** Cuir síos ar an turgnamh a rinne James.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

[6]

Rinne James tuar go mbeadh níos mó vitimín C i sú líomóide ná i sú seadóige.
Léirigh na torthaí go raibh an tuar a rinne sé **mícheart**.

**(b)** Cuir síos ar na torthaí a fuair James.

[1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.